Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2015**
**(OR. en)**

**15054/15**

**SAN 428**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Nollaig 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14393/15 |
| Ábhar: | Leigheas pearsantaithe d'othair<br>– Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le leigheas pearsantaithe d'othair, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3424ú cruinniú a bhí aici an 7 Nollaig 2015.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Leigheas pearsantaithe d'othair**

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:**

1. MEABHRAÍONN SÍ go ndéanfar, faoi Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais, agus go mbeidh gníomhaíocht an Aontais, atá le beartais náisiúnta a chomhlánú, dírithe ar fheabhas a chur ar an tsláinte phoiblí. Cothóidh an tAontas comhar idir na Ballstáit i réimse na sláinte poiblí agus, más gá, tacóidh sé lena ngníomhaíocht. Urramóidh gníomhaíocht an Aontais go hiomlán freagrachtaí na mBallstát maidir le heagrú agus le seachadadh seirbhísí sláinte agus cúram leighis, lena n-áirítear leithdháileadh na n-acmhainní a shanntar dóibh;

2. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir le comhluachanna agus comhphrionsabail i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh a glacadh an 2 Iúil 2006[1], lena sainmhínítear na prionsabail oibríochta ar fud an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le rannpháirtíocht othar agus cáilíocht agus sábháilteacht an chúraim, agus ina gcuirtear in iúl go láidir go ndíríonn gach córas sláinte san Aontas Eorpach ar chúram atá dírithe go sonrach ar an othar a chur ar fáil;

3. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir le nuáil in earnáil na bhfeistí leighis, a glacadh an 6 Meitheamh 2011[2], lena n-aithnítear go bhféadfadh feistí leighis nuálacha feabhas a chur ar shláinte agus ar mhianach saoil na n-othar agus go bhféadfaidís cuidiú le haghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht na gcóras cúraim sláinte, agus gur cheart go ndíreofaí go sonrach ar othair leis an nuálaíocht sin;

4. MEABHRAÍONN SÍ an Moladh ón gComhairle an 8 Meitheamh 2009 maidir le gníomhaíocht i réimse na ngalar neamhchoitianta (2009/C 151/02) agus na dreasachtaí a chuirtear ar fáil le Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí íocshláinte dílleachta a úsáidtear freisin chun forbairt agus údarú táirgí leighis le haghaidh daonraí beaga a spreagadh;

---

[1] http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:C:2006:146:0001:0003:EN:PDF.

[2] IO C 202, 8.7.2011, lch. 7.

5. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle maidir le próiseas machnaimh i ndáil le córais sláinte atá nua-aimseartha, sofhreagrach agus inbhuanaithe, a glacadh an 10 Nollaig 2013[3], agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus cúram sláinte, a glacadh an 20 Meitheamh 2014[4],chomh maith leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le nuáil chun leas na n-othar a glacadh an 1 Nollaig 2014[5], ina moltar an gá le comhar, agus limistéir inniúlachta na mBallstát á n-urramú go hiomlán, sna straitéisí chun caiteachas ar chógaisíocht agus ar fheistí leighis a bhainistiú go héifeachtach, agus rochtain chothromasach ar an leigheas éifeachtach laistigh de na córais náisiúnta chúraim sláinte inbhuanaithe á háirithiú; rinneadh obair leantach ar na conclúidí ón gComhairle maidir le nuálaíocht chun leas na n-othar leis an obair a rinne an Mheitheal um Shláinte Phoiblí ar an Leibhéal Sinsearach, lena n-áirítear ábhair a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn do chainteanna a bheadh ann amach anseo[6];

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí '-maíochtaí' i bhforbairt leighis phearsantaithe[7], rud a léiríonn an acmhainneacht agus na saincheisteanna maidir le leigheas pearsantaithe gurb é tátal an doiciméid go dtugann leigheas pearsantaithe leis deiseanna nua maidir le cóir leighis a chur ar othair san Aontas Eorpach. MOLANN SÍ go bhféadfadh soláthraithe cúraim sláinte a bheith in ann cúram ní ba dhírithe a thairiscint tríd an gcur chuige sin, go bhféadfaí líon na n-earráidí leighis a laghdú agus frithghníomhartha díobhálacha do tháirgí míochaine a laghdú chomh maith. Sainaithníonn sí freisin roinnt dúshlán maidir le leigheas pearsantaithe a chur chun feidhme agus a chur i réim sna córais sláinte;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Tuarascáil maidir le Cógais Tosaíochta 2013[8] ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) , ina bpléitear ról an leighis phearsantaithe, nó 'leigheas srathaithe' mar a thugtar air sa tuarascáil, agus na srianta a bhaineann leis faoi láthair, agus molann sí gur chóir infheistiú a dhéanamh chun treisiú leis an taighde atá á dhéanamh agus leis an méid eolais atá againn faoin leigheas srathaithe agus faoin gcógasghéanómaíocht;

---

3 IO C 376, 21.12.2013, lch. 3.
4 IO C 217, 10.7.2014, lch. 2.
5 IO L 438/12, 6.12.2014.
6 9869/15 (Nuálaíocht chun leas na n-othar: Obair leantach ag eascairt as Conclúidí na Comhairle)
11039/1/15 REV 1 (Toradh imeachtaí na Meithle um Shláinte Phoiblí ag an Leibhéal Sinsearach an 15 Iúil 2015).
7 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, Deireadh Fómhair 2013.
8 http://www.who.int/medicines/areas/priority_medicines/MasterDocJune28_FINAL_Web.pdf.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil aon sainmhíniú comhaontaithe ar an téarma "leigheas pearsantaithe". Mar sin féin, tuigtear go forleathan go dtagraíonn leigheas pearsantaithe do shamhail leighis ina ndéantar féinitíopaí agus géinitíopaí daoine aonair a thréithriú (e.g., próifíliú móilíneach, íomháú míochaine, sonraí maidir le stíl mhaireachtála) chun an straitéis theiripeach cheart a chur in oiriúint don duine ceart ag an am ceart, agus/nó chun cinneadh a dhéanamh maidir le togracht do ghalar agus/nó chun leigheas coisctheach a sholáthar go tráthúil ar bhonn spriocdhírithe. Baineann an leigheas pearsantaithe le coincheap níos leithne maidir le cúram atá dírithe go sonrach ar an othar agus cuirtear san áireamh ann go gcaithfidh na córais cúraim sláinte, i gcoitinne, freagairt ar bhealach níos fearr do riachtanais an othair;

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuiltear ag súil, de réir mar atá teicneolaíochtaí seicheamhaithe DNA agus teicneolaíochtaí sárfhorbartha eile a bhaineann leis na "-maíochtaí" agus le bithmharcóirí éagsúla a shainaithint á bhforbairt go mear, go bhféadfaí leas a bhaint as próifíliú riosca mionsonraithe mar uirlis bhreise d'idirghabhálacha spriocdhírithe, arb é is aidhm dóibh, agus go deimhin féin a d'fhéadfadh, feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus le himeacht ama go mbeadh an cúram sláinte féin níos éifeachtúla ó thaobh costais de;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé, le forbairt an leighis phearsantaithe, go mbeadh dúshláin nua os comhair daoine aonair agus córais sláinte, lena n-áirítear na rioscaí agus na sochair a leanann an leigheas pearsantaithe a thabhairt chun cothromaíochta agus, ag an am céanna, ag féachaint do na himpleachtaí eiticiúla, airgeadais, sóisialta agus dlíthiúla, go háirithe maidir le praghsáil agus aisíocaíocht, cosaint sonraí agus leas an phobail agus sonraí pearsanta á bpróiseáil;

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbíonn forbairt agus cur chun feidhme an leighis phearsantaithe agus forbairt na diagnóisice ábhartha ar siúl in éineacht;

12. IS CÚIS IMNÍ DI nach bhfuil teacht ag gach othar ar mhodhanna nuálaíocha spriocdhírithe galarchoisc, diagnóise agus cóir leighis agus gur dúshlán mór do na Ballstáit é a chur ina luí ar dhaoine leas iomchuí a bhaint as an gcóras cúraim sláinte, lena áirithiú go ndéanfar iad a lánpháirtiú i gcleachtas cliniciúil i gcomhréir le prionsabail na dlúthpháirtíochta agus rochtain chothrom uilíoch ar chúram sláinte ar ardchaighdeán, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán, agus inbhuanaitheacht a gcórais sláinte náisiúnta á háirithiú;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuiltear ag féachaint go dáiríre ar an leigheas pearsantaithe i gcúrsaí taighde, go háirithe anois go bhfuil an Seachtú Clár Réime um thaighde, um fhorbairt theicneolaíoch agus um ghníomhaíochtaí léiriúcháin ag tacú leis, mar ar cuireadh os cionn EUR 1 billiún ar fáil chun tacú leis an leigheas pearsantaithe don tréimhse 2007-2013[9]. Leanfar le taighde faoin leigheas pearsantaithe a mhaoiniú tríd an gClár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht, Fís 2020[10], lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a dhéantar faoin Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha (IMI)[11];

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chomhdháil ardleibhéil an 8 Iúil 2015 "Leigheas Pearsantaithe bheith ar fáil go Forleathan d'Othair", comhdháil inar tugadh aghaidh ar na bacainní atá ann leigheas pearsantaithe a chomhtháthú i gcórais sláinte an Aontais Eorpaigh, inar sainaithníodh dea-chleachtais agus a mbreisluach, agus inar tugadh cuntas ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag an leigheas pearsantaithe don tsláinte phoiblí agus ar an tionchar a bheadh aige ar cheapadh beartas san Aontas Eorpach. Cuireadh in iúl ag an gcomhdháil, ag a raibh lucht ceaptha beartas sláinte phoiblí, rialtóirí, íocóirí agus othair, go gcaithfear cur chuige atá dírithe go sonrach ar an othar a shainiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir leis an leigheas pearsantaithe, chomh maith le cur chuige cuimsitheach lena ndéanfar céimeanna éagsúla feadh shaolré táirgí an leighis phearsantaithe a chomhtháthú sa chaoi is go bhféadfar é a chomhtháthú i gcleachtas cliniciúil.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

15. TACÚ le rochtain a thabhairt, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le forálacha náisiúnta, ar leigheas pearsantaithe cliniciúil éifeachtach, a bheadh inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, trí bheartais a fhorbairt a bheadh dírithe go sonrach ar an othar lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, othair a chumhachtú agus seasamh an othair a lánpháirtiú i bhforbairt rialacháin, i gcomhar le heagraíochtaí othar agus le geallsealbhóirí ábhartha eile;

16. LEAS a bhaint as faisnéis ghéanómaíochta d'fhonn an dul chun cinn sa ghéanómaíocht dhaonna a chomhtháthú sa taighde a dhéantar don tsláinte phoiblí, i mbeartas na sláinte phoiblí agus i gcláir na sláinte poiblí, agus na forálacha náisiúnta atá ann cheana maidir le sonraí pearsanta agus leis an ngéanómaíocht á gcomhlíonadh;

---

9 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:i23022
Mar shampla an tionscadal PerMed (www.permed2020.eu).

10 http://ec.europa.eu/research/participants/data/ref/h2020/legal_basis/fp/h2020-eu-establact_en.pdf.

11 http://www.imi.europa.eu/.

17. Straitéisí cumarsáide na sláinte poiblí A NEARTÚ NÓ A FHORBAIRT, más gá, bunaithe ar na sonraí oibiachtúla, cothroma, neamhbholscaireachta atá ar fáil chun aird an phobail a tharraingt ar na sochair agus ar na rioscaí a bhaineann leis an leigheas pearsantaithe, agus ar ról agus ar chearta na saoránach, agus ar an gcaoi sin tacú le rochtain iomchuí ar mhodhanna diagnóiseacha nuálaíocha agus ar chóir leighis spriocdhírithe;

18. Straitéisí faisnéise agus feasachta A CHUR ar bun d'othair, bunaithe ar na sonraí oibiachtúla, cothroma, neamhbholscaireachta atá ar fáil chun feabhas a chur ar an litearthacht sláinte agus ar an rochtain atá ar fhaisnéis iontaofa, ábhartha agus intuigthe maidir leis an gcóir leighis atá ar fáil cheana, lena n-áirítear na sochair agus na rioscaí a bhfuil coinne leo, agus ar an gcaoi sin a chur ar chumas na n-othar comhoibriú le gairmithe cúraim sláinte agus an chóir leighis is oiriúnaí a roghnú;

19. Oideachas, oiliúint agus forbairt leanúnach ghairmiúil A CHUR AR FÁIL do ghairmithe sláinte ionas go mbeadh an t-eolas atá riachtanach agus na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha acu chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as na sochair a bheadh ann d'othair agus do chórais cúraim sláinte, a bhuí leis an leigheas pearsantaithe;

20. COMHAR a chothú maidir le bailiú, roinnt, bainistiú agus caighdeánú iomchuí na sonraí sin atá riachtanach chun taighde éifeachtach a dhéanamh ar an leigheas pearsantaithe agus é a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an reachtaíocht ar chosaint sonraí;

21. idirghníomhaíocht trasearnála a CHUR CHUN CINN, go háirithe idir saineolaithe sa ghéineolaíocht, maidir le modheolaíochtaí staitisticiúla, an bhithfhaisnéisíocht agus an fhaisnéiseacht sláinte agus an eipidéimeolaíocht a úsáid agus i measc gairmithe sláinte, d'fhonn teacht ar thuiscint níos fearr ar na sonraí atá ar fáil, comhtháthú agus léirmhíniú níos éifeachtaí ar fhaisnéis ó ilfhoinsí agus cinnteoireacht iomchuí maidir le roghanna cóireála a áirithiú;

22. nósanna imeachta A FHORBAIRT NÓ A OIRIÚNÚ, más gá, lena ndíreofaí ar thionchar an leighis phearsantaithe a mheas, go háirithe nósanna imeachta an mheasúnaithe ar theicneolaíocht sláinte (HTA), chun go n-oirfidh siad do nádúr sonrach an leighis phearsantaithe agus, inter alia, an luach breise ó thaobh na n-othar de chomh maith le comhar feabhsaithe agus malartú dea-chleachtais á gcur san áireamh agus lánúrraim á léiriú d'inniúlachtaí na mBallstát;

23. AITHEANTAS A THABHAIRT d'acmhainneacht na mbithbhanc cliniciúil agus na mbithbhanc atá bunaithe ar dhaonra chun aimsiú agus forbairt tairgí nua leighis a luathú; tacú le caighdeánú agus líonrú na mbithchanc chun acmhainní a chomhcheangal agus a roinnt, i gcomhréir leis an reachtaíocht ar chosaint sonraí;

24. SMAOINEAMH AR fhaisnéis agus dea-chleachtais a roinnt sna fóraim atá ann cheana, lena bhféadfaí tacú le rochtain chuí ar leigheasanna pearsantaithe agus le hinbhuanaitheacht na gcóras sláinte;

25. SMAOINEAMH AR fhorbairt a dhéanamh ar chuir chuige fadtéarmacha, straitéiseacha, a bheidh dírithe go sonrach ar othair maidir leis an mbealach is fearr chun déileáil leis na dúshláin a bhaineann le rochtain ar leigheas pearsantaithe, ó thaobh na sláinte poiblí de, fad agus atá inbhuanaitheacht na gcóras sláinte náisiúnta á háirithiú agus lánurraim á léiriú d'inniúlachtaí na mBallstát;

26. dea-chleachtais A ROINNT i réimse an leighis phearsantaithe agus úsáid chuí na ndea-chleachtas sin i gcleachtas cúram sláinte a éascú.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

27. LEANÚINT LE hobair chomhpháirteach dheonach, lena n-áirítear treoir a fhorbairt agus critéir a shainiú, d'fhonn tacú le measúnú ar theicneolaíocht sláinte maidir le leigheas pearsantaithe i gcomhréir leis an straitéis ar mheasúnú ar theicneolaíocht sláinte[12], agus lánurraim á léiriú d'inniúlachtaí na mBallstát;

28. comhar feabhsaithe A CHOTHÚ idir na Ballstáit laistigh de Líonra HTA a bunaíodh i gcomhréir leis an Treoir maidir le cearta na n-othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm agus comhlachtaí HTA a bheidh ann faoin nGníomhaíocht Chomhpháirteach a bheidh ann amach anseo;

29. inoibritheacht ríomhthaifead sláinte A CHUR CHUN CINN d'fhonn a n-úsáid don tsláinte phoiblí agus don taighde a éascú, tríd an Líonra rShláinte a bunaíodh i gcomhréir leis an Treoir maidir le feidhmiú chearta na n-othar i gcúram sláinte trasteorann, agus leas á bhaint as an tacaíocht atá ann ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa[13];

---

12 http://ec.europa.eu/health/technology_assessment/docs/2014_strategy_eucooperation_hta_en.pdf.
13 http://ec.europa.eu/digital-agenda/en/connecting-europe-facility.

30. prionsabail choiteanna maidir le bailiú sonraí A FHORBAIRT a bheadh bunaithe ar chaighdeáin agus ar chreat fónta dlí agus lena gcumasófaí próiseáil sonraí othar agus infhaighteacht sonraí inchomparáide ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, chun úsáid thánaisteach agus anailís sonraí a cheadú ar scála níos mó i gcomhréir leis an reachtaíocht ar chosaint sonraí, agus lánurraim á léiriú d'inniúlachtaí na mBallstát;

31. idirphlé luath agus soláthar chomhairle eolaíoch chomthreomhar A SPREAGADH idir nuálaithe, rialálaithe agus comhlachtaí HTA agus, nuair is iomchuí, eolas ó na hothair, ó ghairmithe cúraim shláinte agus ó íocóirí a chur san áireamh, chun tacú le giniúint fianaise agus údarú rialála, agus lánurraim á léiriú d'inniúlachtaí na mBallstát;

32. Idirphlé le húdaráis ó na Ballstáit agus le geallsealbhóirí A SPREAGADH d'fhonn an bealach a réiteach leis an gcur chuige maidir le géanómaíocht sa tsláinte phoiblí a chur chun feidhme céim ar chéim ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta ar bhonn tionscnaimh an Aontais Eorpaigh a rinneadh cheana, amhail na Treoirlínte Eorpacha don Dea-Chleachtas maidir le Dearbhú Cáilíochta agus maidir le Faisnéis agus le Teicneolaíochtaí atá Géanóm-bhunaithe a Chur ar Fáil agus a Úsáid – An Líonra Eorpach do Ghéanómaíocht sa tSláinte Phoiblí[14], agus d'fhonn tionscnaimh reatha an Aontais Eorpaigh a éascú, amhail an páipéar seasaimh maidir le Géanómaíocht sa tSláinte Phoiblí i ndáil le hAilse, a bheidh le forbairt faoin nGníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le hAilse a Rialú ar Bhealach Cuimsitheach, le tacaíocht ó ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin um rialú ailse agus um ghalair neamhchoitianta;

33. Leigheas pearsantaithe A CHUR SAN ÁIREAMH i gcomhthéacs níos leithne an chreata a bheidh ann amach anseo le haghaidh comhoibriú inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh maidir le sábháilteacht othar agus le cáilíocht an chúraim, a iarradh sna Conclúidí ón gComhairle maidir le sábháilteacht othar agus cáilíocht an chúraim an 1 Nollaig 2014;

---

[14] http://www.phgen.eu/typo3/fileadmin/downloads/QA_Report.pdf .

34. Leanúint le hobair an Ghrúpa Saineolaithe um Rochtain Shábháilte agus Thráthúil ar Leigheasanna d'Othair (STAMP), a dhéanann anailís ar shaincheisteanna a bhaineann le reachtaíocht chógaisíochta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, agus é mar aidhm leis an anailís sin bealaí a shainaithint lena bhféadfaí an úsáid is éifeachtaí is féidir a bhaint as uirlisí rialála an Aontais Eorpaigh atá ann faoi láthair agus rochtain shábháilte agus thráthúil ar leigheasanna d'othair, lena n-áirítear táirgí nuálacha íocshláinte, a fheabhsú tuilleadh; leanúint, laistigh de ghrúpa saineolaithe STAMP, le faireachán a dhéanamh ar an treoirthionscadal maidir leis an gconair oiriúnaitheach atá ar bun ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, agus leanúint le faireachán a dhéanamh freisin ar an acmhainneacht a bhaineann leis an gconair oiriúnaitheach leigheas a údarú go luath lena úsáid ag pobal dea-shainithe othar ag a bhfuil leibhéal ard riachtanais leighis.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

35. SCRÚDÚ A DHÉANAMH, bunaithe ar staidéar faoin Tríú Clár Sláinte (2014-2020), ar na bealaí inar féidir an acmhainneacht a bhaineann le Mórshonraí a úsáidtear sa leigheas pearsantaithe a réadú d'fhonn cuidiú le córais sláinte a bheadh nuálach, éifeachtúil agus inbhuanaithe, agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint á úrramú. Leis an staidéar sin, ba cheart a chur san áireamh freisin gnéithe eiticiúla, dlíthiúla agus sóisialta;

36. Comhar A ÉASCÚ agus malartú dea-chleachtas A CHUR CHUN CINN maidir le hoiliúint oideachais agus le forbairt leanúnach ghairmiúil do ghairmithe sláinte i réimse an leighis phearsantaithe;

37. Na deiseanna a chuireann na Líonraí Tagartha Eorpacha ar fáil A CHUR CHUN CINN laistigh de chreat na Treorach maidir le cearta na n-othar i gcúram sláinte trasteorann, d'fhonn an bealach a réiteach le taighde trasearnála aistritheach a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i leigheas pearsantaithe d'othair ar a bhfuil tearcghalair nó galair neamhchoitianta, nó ar a bhfuil galair chasta;

38. Leanúint leis an méid mór a chuireann taighde a dhéantar faoin gClár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht, Fís 2020, le leigheas pearsantaithe, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí a dhéantar faoin Tionscnamh um Míochaine Nuálach (IMI), d'fhonn dlús a chur le forbairt uirlisí coisctheacha agus uirlisí diagnóiseacha a bheidh níos éifeachtaí, chomh maith le dlús a chur le forbairt leigheasanna d'othair a bheidh níos fearr agus níos sábháilte.